Na hAionna

An Comh. Liam Brazil

Tá an Comhairleoir Liam Brazil as Cill Rosanta ina Mhéara ar Chontae Phort Láirge. Toghadh Liam ar an gComhairle don chéad uair sa mbliain 2004. Is ball é de Bhord Fiontar Contae Phort Láirge agus tá sé tiomanta do chruthú fostaíochta áitiúil atá inbhuanaithe. Tá sé páirteach i roinnt ghrúpaí pobail agus deonacha aitiúla agus tá suim faoi leith aige i gceist na meabhairshláinte. Mayor of County Waterford and a native of Kilrossanty, Councillor Brazil is a member of the Waterford County Enterprise Board and is involved in a number of local community and voluntary groups.

Seán Ó Murchú

Staraí áitiúil is ea Seán, agus tá sé féin agus a bhean chéile, Síle ag déanamh taighde ar scéalta na gComaraigh agus Chontae Phort Láirge le thart ar daichead bliain anuas. Tá eolas thar cuimse bailithe ag an mbeirt acu ar shaol cultúrtha agus sóisialta an cheantair. Tá seacht leabhar in iomlán foilsithe ag Seán agus Síle ar na Comaraigh. Seán and his wife Síle are well-known local historians who have been researching the local stories of the Comeraghs for some 40 years. They have accumulated a vast store of written material on diverse topics of social interest and have published a total of seven books on topics such as the Famine, War of Independence and the Irish Civil War.

An tOllamh Pádraig Ó Macháin

As Lios Mór Mochuda ó dhúchas. Ollamh i Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Údar scata leabhar agus altanna ar ghnéithe éagsúla de stair na Gaeilge agus stair na hÉireann. Bunaitheoir agus comh-eagarthóir ar 'An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise', ar foilsíodh an chúigiú uimhir déag di i mbliana. Pádraig is a native of Lismore, Co Waterford and is a Professor at the School of Celtic Studies at the Dublin Institute for Advanced Studies. He also founded and co-edits 'An Linn Bhuí', a yearly anthology of historical and cultural articles.

Naoise Ó Cathasaigh

Tá Naoise ag ag obair mar Phríomhchócaire i gColáiste Mhuire gan Smál i gcathair Luimnigh. Is as Baile Átha Cliath dó ó dhúchas. Dhein sé a thraenáil i gColáiste Réigiúnach na Gaillimhe agus tá tréimhsí caite aige ag obair i mBerlin agus i Stuttgart sa Ghearmáin, agus mar Phríomhchócaire i gCaisleán Mhullach Íde. A native of Dublin, Naoise trained as a chef in the Regional College in Galway. He worked in Germany and Malahide Castle, before taking up his present position as Head Chef at the Mary Immaculate Teacher Training College in Limerick.

Patricia Ní Fhátharta

Is as Ros a' Mhíl i gConamara do Phatricia agus is damhsóir ar an sean nos í ó bhí sí 13 bhliain déag d'aois. Tá go leor taisteal déanta aici leis an rince, timpeall na tíre agus thar lear go dtí Sasana, Albain agus Meiriceá. Chomh maith leis sin, tugann sí Ceardlanna Damhsa do pháistí agus do dhaoine fásta timpeall na tíre, chomh maith le taispeántais rince ar an sean nós. Patricia is a native of Ros' Mhíl in Connemara and has travelled throughout the Ireland and to England, Scotland and the USA to dance. She regularly gives dancing workshops to both adults and children.

Ann Mulqueen

Tá aithne mhaith ar Ann Mulqueen as a cuid amhránaíochta i nGaeilge agus i mBéarla. Is ó Chaisleán Ó gConnaing, i gCo. Luimnigh do Ann ó dhúchas agus tá cónaí anois uirthi i nGaeltacht na Rinne. Tá ana-shuim aici sa cheol agus sa chultúr agus bíonn sí gnóthach i gcónaí ag eagrú ceardlanna, ceolchoirmeacha, cláracha raidio agus teilifíse agus ag múineadh na n-amhrán d'óg agus d'aosta. Bhuaigh sí craobh na hÉireann fé thrí agus tá trí dhlúthdhiosca eisithe aici d'amhráin i nGaeilge agus i mBéarla. A native of Castleconnell, Co. Limerick, Ann now lives in the Ring Gaeltacht. Dedicated to singing and culture all her life, she still leads a busy musical life conducting workshops, concerts, radio and tv performances. A three time All Ireland champion, she has recorded three CDs of songs in Irish and English.

Áine Uí Fhoghlú

File, scríbhneoir agus múinteoir í Áine, a thagann ó Rinn Ó gCuanach i gCo. Phort Láirge. Tá trí chnuasach filíochta agus dhá úrscéal foilsithe aici le Coiscéim. Tá a cuid filíochta foilsithe i roinnt mhaith foilseacháin agus duanairí. Glacann sí páirt i scéim na Scríbhneoirí sa Scoil agus tugann sé ceardlanna i mbun agus i meánscoileanna, chomh maith le daoine fásta. Tá roinnt mhaith duaiseanna bainte amach ag Áine dá cuid scríbhneoireachta ag féilte éagsúla agus tá sparántachtaí faighte aici ó Ealaín na Gaeltachta agus ón gComhairle Ealaíon ar thacaíocht dá scríbhneoireacht. Áine, who comes from the Gaeltacht area of An Rinn, is well-known in Irish language circles as an accomplished poet and prose writer. She has published three poetry collections and two novellas, both of which have won first prize in the Oireachtas Literary Awards in the fiction category for adult learners of the Irish language.

Waterford County Local Authorities
Údaráis Aitiúla Chontae Phort Láirge

POBAL AN CHOMARAIGH,
COISTE HALLA NAOMH BHRÍDE, CILL ROSANTA
& COMHAIRLE CONTAE PHORT LÁIRGE

Tionól an Fhómhair 2011

"Mo bheannacht óm' chroí dod' thír 's dod' shléibhte, A Chomaraigh Aoibhinn Ó"
Cill Rosanta, Co. Phort Láirge
21-23 Deireadh Fómhair 2011



THE COMERAGH COMMUNITY,
ST. BRIGID'S HALL COMMITTEE, KILROSSANTY
& WATERFORD COUNTY COUNCIL
A WEEKEND OF TALKS, WORKSHOPS, MUSIC, SONG AND DANCE
St. Brigid's Hall, Kilrossanty, Co. Waterford
21-23 October 2011

BREIS EOLAIS ACH GLAOCH AR /
FOR FURTHER INFORMATION PLEASE CONTACT:
MÁIRE SEOSAIMHÍN BREATHNACH (058) 20884
NÓ CÁIT NÍ DHIAGHAIDH: (087) 295 2588

WATERFORD COUNTY COUNCIL

Dé hAoine
21 Deireadh Fómhair

HALLA NAOMH BHRÍDE / ST. BRIGID'S HALL

7.00i.n. **Oscailt Oifigiúil an Tionóil** *
leis an gComh Liam Brazil,
Méara Chontae Phort Láirge agus
Seán Ó Murchú, Cill Rosanta
le tionlacan ceoil ó Mhicheál Ó Diaghaidh
Official Opening of Tionól an Fhómhair 2011 *

8.00i.n. **Eochair Léacht an Tionóil**
leis an Ollamh Pádraig Ó Macháin,
Institiúid an Léinn Cheiltigh,
Baile Átha Cliath
'Dúchas agus léann na Gaeilge i gceantar an Chomaraigh'
Keynote Lecture with
Professor Pádraig Ó Macháin on the
Irish language and literary heritage of
the Comeraghs

10.00i.n. **Seisiún Ceoil agus Damhsa Traidisiúnta**
sa Chistin
Traditional Music and Dance Session

*** SIMULTANEOUS TRANSLATION FACILITIES WILL BE PROVIDED FOR THIS EVENT**



Dé Sathairn - 22 Deireadh Fómhair

HALLA NAOMH BHRÍDE / ST. BRIGID'S HALL

AM	CISTIN	HALLA MÓR
10.30-11.30r.n.	**Taispeántas Cócaireachta** (do dhaoine fásta) **Cookery Demonstration** (for adults) le Naoise Ó Cathasaigh	**Ceardlann Amhránaíochta** (do pháistí) **Children's Singing Workshop** le Ann Mulqueen
11.30r.n.	Briseadh Tae & Caifé / Tea & Coffee	
12.00-1.00i.n.	**Ceardlann Cócaireachta** (do dhaoine óga) **Children's Cookery Workshop** le Naoise Ó Cathasaigh	**Ceardlann Amhránaíochta** (do dhaoine fásta) **Adult's Singing Workshop** le Ann Mulqueen
1.00i.n.+	Briseadh Lóin / Lunch Break	
2.30 - 3.45i.n.	**Cluichí Traidisiúnta** (do pháistí bunscoile - líon teoranta spásanna) **Traditional Games** (workshop suitable for primary school children) le Áine Uí Fhoghlú LIMITED SPACES	**Ceardlann Rince ar an Sean-Nós** (do dhaoine fásta) **Sean-nós Dancing for Adults** le Patricia Ní Fhátharta
4.00-5.15i.n.	**Ceardlann i nDéantús Chros Bhríde** **Making a St. Brigid's Cross** le Nicholas Comyn	**Ceardlann Rince ar an Sean-Nós** (do pháistí) **Children's Sean-nós Dancing** le Patricia Ní Fhátharta

8.00pm **Ceolchoirm an Tionóil in Halla Naomh Bhríde / Tionól 2011 Gala Concert in St. Brigid's Hall**
Le ceoltóirí, rinceoirí agus amhránaithe áitiúla, chomh maith le haíonna speisialta: **Donnchadh Góch**, **Brendan Clancy**, **Patricia Ní Fhátharta** agus **Craobh Chomhaltas na gComarach**.
Cead Isteach / Admission: €5.00

11.00i.n. **Ceol Traidisiúnta i dTigh Tábhairne Mhicilín**



Dé Domhnaigh - 23 Deireadh Fómhair

12.00i.n. **Aifreann an Tionóil** i Séipéal Naomh Bhríde, Cill Rosanta, le **Cór Fear na nDéise**.
Tionól Mass in St. Brigid's Church, Kilrossanty.

12.45i.n. **Siúlóid Treoraithe** thart thimpeall ar Reiligí an pharóiste - ag tosnú amach ó Shéipéal Naomh Bhríde le Seán & Síle Uí Mhurchú, Ger Walsh & John Quinn. Cuirfear sólaistí ar fáil.
Guided Walk around the parish graveyards, starting out from St. Brigid's Church, Kilrossanty.
Refreshments will be provided.